# Iníon

le hÁine Durkin



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

**Iníon le hÁine Durkin**


Tá deora i do shúile anois,
ag do ráiteas gontach searbh,
'Níl *clue* a'd, *Mom*!' a dúirt tú liom,
's tú ag iompú uaim le fearg.

Bhí mise freisin i d'áitse tráth,
i mo dhéagóir meidhreach *cool*,
a cheap gur óinseach cheart an bhean
a chuir cosa i dtaca romham.

Anois tuigim ciall na máthar sin,
agus iníon óg a'm fhéin,
is déanaim mar a mhol sí dhom,
lena comhairle láidir thréan.

Is ceapann tú go dteipim ort,
bhuel, tuigim duit, a chroí,
ach níl aon lár nár mhéadaigh mo ghrá
ó tháinig tusa ar an saol.

# Iníon





**Gluais:**

deora i do shúile = tá tú ag tosú ag caoineadh/ag gol

gontach = pianmhar/goilliúnach

searbh = garbh

tráth = uair amháin

meidhreach = éadromchroíoch

óinseach cheart = bean nach bhfuil ciall ná réasún léi

a chuir cosa i dtaca romham = nár lig dom satailt uirthi


ciall = réasún

tréan = crua

go dteipim ort = go ligim síos thú

mhéadaigh = d'éirigh níos mó

# Iníon




**‘Is iníon chuile bhean ach ní máthair chuile bhean agus ní seanmháthair chuile bhean ach is iníon chuile bhean...’**

Áine Durkin

# Iníon

An Dara Pearsa



Is dán suimiúil é an dán 'Iníon' atá scríofa sa dara pearsa (tú, do). Tá úsáid an dara pearsa thar a bheith neamhghnách i litríocht na Gaeilge. Is é an t-úrscéal Gaeilge is cáiliúla a bhaineann úsáid as an dara pearsa ná An Branar gan Cur le Breandán Ó Doibhlin atá go mór faoi anáil theoiric an eiseachais. Is éard atá san eiseachas ná teoiric a leagann béim ar an duine aonair agus saoirse an duine sin a chuid cinntí agus roghanna féin a ghlacadh sa saol.

Tá úsáid an dara pearsa an-tábhachtach sa dán seo agus cuireann sin go mór le brí agus teachtaireacht an dáin. Tá an mháthair ag labhairt go díreach lena hiníon – ag impí uirthi éisteacht léi. Is comhrá leanúnach atá sa dán seo ach níl an mháthair ag súil le freagra ar ais óna hiníon toisc gur comhrá inmheánach léi féin é freisin. Tá úsáid an dara pearsa an-éifeachtach dá bharr mar is féidir linn an dán seo a léamh amhail is gur muid an iníon agus gur ag caint linne atá an file freisin. Déanann sin an dán uilíoch, ábhartha agus daonna.




Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Iníon

Achoimre ghairid ar an dán



**Véarsa 1**

Is dán thar a bheith pearsanta agus grámhar é seo ina labhraíonn máthair go díreach lena hiníon féin. Tosaíonn an dán le ráiteas láidir a chuireann íomhá chumhachtach in iúl '[t]á deora i do shúile anois'. Aithníonn an mháthair an brón, an frustrachas agus an fhearg atá ar a hiníon agus í ag tabhairt 'ráiteas gontach seabh' uaithi. Is léir go bhfuil argóint ar bun idir an file agus a hiníon. Deir an iníon lena máthair nach bhfuil tuairim aici agus nach dtuigeann sí í. Tugann an iníon a droim lena máthair agus fearg uirthi. Is tús spleodrach é.

**Véarsa 2**

Sa dara véarsa, tá an file ina haonar agus í machnamhach. 'Bhí mise freisin i d'áitse tráth,' a deir sí, agus í ag cuimhneamh siar ar a déaga féin. Cuimhníonn sí go raibh sí ina '[d]éagóir meidhreach cool' agus gur chaith sí go dímheasúil lena máthair féin, is í sin seanmháthair na hiníne. Cheap sí gur 'óinseach cheart' a máthair an t-am sin toisc gur sheas sí i gcoinne an fhile agus gur chuir sí cosc uirthi. Anois, tuigeann an file go raibh a máthair ag iarraidh í a chosaint mar atá sí ag iarraidh a hiníon féin a chosaint.

# Iníon

Achoimre ghairid ar an dán

**Véarsa 3**

Deir an file go dtuigeann sí ciall a máthar anois agus í ina máthair í féin. Tá claochlú tagtha ar an bhfile le himeacht ama agus le haibíocht. Léiríonn sí comhbhá lena máthair, rud nach féidir lena hiníon a léiriú go fóill toisc nach máthair í. Tá béim á leagan ag an bhfile ar thábhacht an teaghlaigh anseo lena tagairtí da máthair féin. ‘is déanaim mar a mhol sí dhom,/lena comhairle láidir thréan.’ Aithníonn an file nach bhfuil sé éasca a bheith i do mháthair ag am ar bith sa saol agus go mbíonn tréimhsí achrannacha i gcaidreamh grámhar den saghas sin.

**Véarsa 4**

Sa véarsa deireanach seo, labhraíonn an file go díreach lena hiníon arís. ‘Is ceapann tú go dteipim ort,’ a deir sí. Aithníonn sí go bhfuil an gaol atá aici lena hiníon casta agus nach bhfeiceann sí an grá atá aici di. Úsáideann sí téarma ceana ansin chun a grá a chur in iúl dá hiníon, ‘tuigim duit, a chroí’. Is ráiteas láidir é seo a léiríonn grá agus comhbhá na máthar. Níl aon bhreithiúnas ann.

Ar deireadh, tugann an file sólás agus suaimhneas dá hiníon nuair a chuireann sí béim ar an ngrá atá aici di ‘ach níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá/ó tháinig tusa ar an saol.’ Is cuma céard a tharlaíonn sa saol seo, beidh an mháthair agus an iníon ceangailte lena chéile go deo.

# Iníon

Teideal an Dáin

## ‘Tá sé tábhachtach dom go mbeadh teideal an dáin in ann a scéal féin a insint.’

Áine Durkin

Ní haon chomhtharlúint é gurb é ‘Iníon’ teideal an dáin seo. Tá trí ghlúin sa dán seo, iníon, máthair agus seanmháthair. Mar a deir Durkin, ‘is iníon chuile bhean’, ní máthair ná seanmháthair gach uile bhean.

Tá an teideal seo tábhachtach, mar sin, toisc go n-aithníonn sé an gaol idir an file agus a hiníon chomh maith lena gaol lena máthair féin. Is snáth atá san fhocal ‘iníon’ a cheanglaíonn na trí phearsa seo le chéile go dlúth agus go deo.

# Iníon

Saol agus Saothar an Fhile



Rugadh Áine Durkin i gCeantar na nOileán i gConamara sa bhliain 1958. Tá cónaí uirthi in Inis Eoghain, Co Dhún na nGall ón mbliain 1980. Bhain Durkin BA amach i Litríocht na Gaeilge ó Ollscoil Uladh sa bhliain 2007. Thosaigh sí blag faoin teideal 'Mise Áine gan Rámhaille' agus tá sí ag blagáil léi ó shin. Scríobhann sí faoi chúrsaí an tsaoil agus faoi chúrsaí litríochta ann.

Bhuaigh cnuasach filíochta dá cuid Mise Áine, an Bhean Istigh (2017) duais an Oireachtais do scríbhneoirí úra. Is cumadóir amhrán í Áine freisin agus tá duaiseanna idirnáisiúnta buaite aici dá cuid amhrán. D'eisigh sí dlúthdhiosca dá cuid amhrán, Amhráin Áine (2025), i mbliana.

# Iníon

